

Ag Ceiliúradh an Eidhneáin Shíorghlais

Tráthnóna amháin sa gheimhreadh, chuaigh ár rang ar shiúlóid dúlra i seancoill in aice leis an scoil. Ní raibh aon duilleog ar na crainn, na géaga ag síneadh i dtreo na spéire léith cosúil le méara reoite. Nuair a shiúil muid níos faide isteach sa choill, áfach, thug mé rud éigin faoi deara – bhreathnaigh sé cosúil le dreapairí glasa tiubha casta timpeall ar stoic na gcrann, agus loinnir ghlas ag teacht ó na duilleoga, fiú san fhuacht.

“Céard é an planda sin?” a d’fhiafraigh mé.

“Sin eidhneán,” arsa ár múinteoir. “Fanann dath glas air an bhliain ar fad agus tugann sé foscadh do na héin. Cabhraíonn sé leis na feithidí an geimhreadh a chur díobh.”

Ní raibh mórán ama caite agam ag déanamh machnaimh faoi eidhneán roimh an lá sin, ach ansin thosaigh mé á thabhairt faoi deara i ngach aon áit – ag dreapadh ar na ballaí cloiche, ar bharr na gclaíocha, agus ag rith ar an talamh fiú. Bhí an rang ar fad tógtha leis agus rinne muid cinneadh níos mó a fhoghlaim faoi. Rinne muid togra faoin gcaoi a gcabhraíonn eidhneán leis an dúlra, ag soláthar bia do bheacha agus áiteanna folaigh do chréatúir bheaga bhídeacha i rith an gheimhridh.

Chun an méid a bhí foghlamtha againn a roinnt, chruthaigh muid ‘Cúinne Síorghlas’ sa chlós scoile, áit ar chuir muid eidhneán agus plandaí eile a mbíonn rath orthu sa gheimhreadh. Nuair a tháinig an t-earrach thug muid faoi deara go raibh níos mó éan ag tógáil neadacha máguaird agus go raibh níos mó féileacán ag eitilt i measc an duilliúir.

Agus mé i mo sheasamh inár gcúinne beag glas thuig mé rud éigin – cosúil leis an stair, tá a chosantóirí folaithe féin ag an nádúr, agus, uaireanta, is iad na rudaí is lú ar fad a dhéanann an difríocht is mó.